C/2024/4628

18.7.2024

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**an 15 Iúil 2024**

**lena gcuirtear síneadh le téarma oifige na gcathaoirleach ar dhá Bhord Achomhairc de chuid Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh**

(C/2024/4628)

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meitheamh 2017 maidir le trádmharc an Aontais Eorpaigh [1] agus go háirithe Airteagal 166(1) agus (3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 21 Samhain 2023, chinn Bord Bainistíochta Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) a mholadh don Chomhairle síneadh a chur le téarma oifige Gordon HUMPHREYS mar chathaoirleach ar Bhord Achomhairc de chuid EUIPO. Ba cheart gur ar feadh tréimhse bhreise 5 bliana dar tús an 1 Meán Fómhair 2024 a mhairfeadh an síneadh sin, nó go dtí aois scoir má bhaintear an aois sin amach le linn an téarma oifige nua.

(2) An 4 Meitheamh 2024, chinn Bord Bainistíochta EUIPO a mholadh don Chomhairle síneadh a chur le téarma oifige Virginia MELGAR mar chathaoirleach ar Bhord Achomhairc de chuid EUIPO. Ba cheart gur ar feadh tréimhse bhreise 5 bliana dar tús an 1 Aibreán 2025 a mhairfeadh an síneadh sin, nó go dtí aois scoir má bhaintear an aois sin amach le linn an téarma oifige nua,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leis seo, cuirtear síneadh le téarma oifige Gordon HUMPHREYS mar chathaoirleach ar Bhord Achomhairc de chuid EUIPO ar feadh tréimhse 5 bliana dar tús an 1 Meán Fómhair 2024, nó go dtí aois scoir má bhaintear an aois sin amach le linn an téarma nua oifige.

*Airteagal 2*

Leis seo, cuirtear síneadh le téarma oifige Virginia MELGAR mar chathaoirleach ar Bhord Achomhairc de chuid EUIPO ar feadh tréimhse 5 bliana dar tús an 1 Aibreán 2025, nó go dtí aois scoir má bhaintear an aois sin amach le linn an téarma oifige nua.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 15 Iúil 2024.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

NAGY I.

[1] IO L 154, 16.6.2017, lch. 1.